C/2024/7502

17.12.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala

(C/2024/7502)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas in iúl do na daoine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala.

Ceanglaítear le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2024/287 nach mór do na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear tuairisc a thabhairt, laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gurb éard atá inti, teacht timpeall ar na bearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287.

([1]) IO L, 2024/254, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/254/oj.
([2]) IO L, 2024/287, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/287/oj.